



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséal, 24 Bealtaine 2024
(OR. en)

10255/24

LIMITE

JAI 866
COPEN 278
DROIPEN 156
FREMP 261
SOC 393
CODEC 1338

Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0250(COD)

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle
Ábhar:	Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2012/29/AE lena mbunaítear íoschaighdeáin maidir le cearta, tacaíocht agus cosaint íospartaigh na coireachta, agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2001/220/CGB ón gComhairle - Cur chuige ginearálta

I. CÚLRA

1. An 12 Iúil 2023, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle agus Pharlaimint na hEorpa togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2012/29/AE lena mbunaítear íoschaighdeáin maidir le cearta, tacaíocht agus cosaint íospartaigh na coireachta, agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2001/220/CGB ón gComhairle¹, arb é is aidhm dó aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna sonracha a éilíonn feabhsuithe spriocdhírithe sa chreat atá ann cheana, chun feidhmiú chearta íospartach a fheabhsú.

¹ 11840/23.

2. Tá an dréacht-treoir bunaithe ar Airteagal 82(2)(c) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) (an gnáthnós imeachta reachtach).
3. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 13 Nollaig 2023².
4. Phléigh Meitheal COPEN an togra ag na cruinnithe a bhí aici an 22 Meán Fómhair 2023, an 16 Deireadh Fómhair 2023, an 10 Eanáir 2024, an 23 Feabhra 2024, an 15 Márta 2024, an 15 agus an 16 Aibreán 2024 agus an 17 Bealtaine 2024, agus tháinig sí ar chomhaontú maidir leis an téacs san iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo.
5. I bParlaimint na hEorpa, is ar an gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (LIBE) agus ar an gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne (FEMM) atá an phríomhfhreagracht. Ceapadh María Soraya Rodríguez Ramos agus Javier Zarzalejos ina rapóirtéirí. Cuireadh síos an tuarascáil an 25 Márta 2024; ghlac Parlaimint na hEorpa a sainordú caibidlíochta ag an seisiún iomlánach an 11 Aibreán 2024, agus cuireadh an togra faoi bhráid an Choiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (LIBE) agus an Choiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne (FEMM) chun tús a chur leis an gcaibidlíocht idirinstiúideach.

II. CONCLÚID

6. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, an méid seo a leanas a dhéanamh:
 - (a) a dhearbhu go bhfuiltear ar aon fhocal maidir le téacs an chur chuige ghinearálta, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn³ a ghabhann leis an nóta seo é, agus
 - (b) a mholadh don Chomhairle teacht ar chur chuige ginearálta mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo é, mar mhír ‘A’ i gceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo, le go mbeidh an Uachtaránacht in ann an chaibidlíocht a sheoladh.

² IO C, C/2024/1592, 5.3.2024, lch. 1

³ Léirítear na modhnuithe a rinneadh ar an togra bunaidh le **cló trom** nó le [...].

Togra le haghaidh

TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Treoir 2012/29/AE lena mbunaítear íoschaighdeáin maidir le cearta, tacaíocht agus cosaint íospartaigh na coireachta, agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2001/220/CGB ón gComhairle

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 82(2)(c) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa⁴,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún⁵,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

⁴ IO C, C/2024/1592, 5.3.2024, lch. 1

⁵ IO C , , lch. .

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Chun a áirithiú go bhfaighidh íospartaigh na coireachta faisnéis, tacaíocht agus cosaint iomchuí agus go mbeidh siad in ann páirt a ghlacadh in imeachtaí coiriúla, tá Treoir 2012/29/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁶ glactha ag an Aontas.
- (2) Tá measúnú déanta ag an gCoimisiún ar an gcaoi a bhfuair íospartaigh rochtain ar a gcearta faoi Threoir 2012/29/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus d'fhoilsigh sé na torthaí sa tuarascáil mheastóireachta⁷. Léirítear sa mheastóireacht, cé gur baineadh amach den chuid is mó le Treoir 2012/29/AE na tairbhí a raibh coinne leo agus go raibh tionchar dearfach ar chearta íospartach, gurb ann fós d'fhadhbanna sonracha a bhaineann le cearta íospartach faoin Treoir seo. I measc na n-easnamh a sainaithníodh, ní leor an cumas atá ann brath ar chearta íospartach chun rochtain a fháil ar fhaisnéis, tacaíocht agus cosaint a thabhairt i gcomhréir le riachtanais aonair gach íospartaigh, páirt a ghlacadh in imeachtaí coiriúla agus cinneadh a fháil maidir le cúiteamh ón gciontóir le linn imeachtaí coiriúla. Is é is **aidhm** don athbhreithniú seo ar Threoir 2012/29/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [...] freagairt [...] a thabhairt ar na heasnamh a léiríodh ina meastóireacht agus i gcuid mhór comhairliúchán.

⁶ Treoir 2012/29/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 lena mbunaítear íoschaighdeán maidir le cearta, tacaíocht agus cosaint íospartaigh na coireachta, agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2001/220/CGB ón gComhairle (IO L 315, 14.11.2012, lch. 57).

⁷ Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin, Meastóireacht ar Threoir 2012/29/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 (SWD/2022/0179 final).

- (3) Chun modhanna nua-aimseartha rianúla a sholáthar d'íospartaigh chun a gcearta a fheidhmiú, ba cheart do na Ballstáit a chur ar chumas íospartach cumarsáid leictreonach a dhéanamh leis na húdaráis inniúla náisiúnta. Ba cheart an deis a bheith ag íospartaigh uirlisí leictreonacha a úsáid, **i gcás ina bhfuil siad ar fáil**, chun faisnéis a fháil faoina gcearta agus faoina gcás, coireanna a thuairisciú agus cumarsáid a dhéanamh ar shlí eile leis na húdaráis inniúla agus le seirbhísí tacaíochta trí theicneolaíochtaí **faisnéise agus** [...] cumarsáide. Ba cheart d'íospartaigh a bheith in ann rogha a dhéanamh **idir** na modhanna cumarsáide **a chuirtear ar fáil**, agus **féadfaidh** na Ballstáit foráil [...] a dhéanamh maidir le teicneolaíochtaí [...] **faisnéise agus** cumarsáide den sórt sin mar mhalairt ar na modhanna caighdeánacha cumarsáide, gan iad a ionadú, áfach [...]. **Ba cheart na modhanna cumarsáide i bpearsa, lena n-áirítear na modhanna cumarsáide leis na húdaráis inniúla agus le seirbhísí tacaíochta, a bheith fós ar fáil d'íospartaigh, más mian leo sin.**

- (4) Chun bealaí cumarsáide cuimsitheacha a áirithiú agus castacht riachtanais íospartach á cur san áireamh maidir lena gceart chun rochtain a fháil ar fhaisnéis, ba cheart do gach íospartach, gan beann ar an áit san Aontas a ndearnadh an choir ná na cúinsí a bhain leis an gcoir, a bheith in ann rochtain a fháil ar línte cabhrach d'íospartaigh trí úsáid a bhaint as an uimhir theileafóin 116 006 ar fud an Aontais [...]. **Is féidir leis na Ballstáit na seirbhísí sin a thairiscint freisin trí theicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide eile atá slán agus inrochtana, lena n-áirítear feidhmchláir ar líne agus suíomhanna gréasáin.** Leis na línte cabhrach sin, ba cheart d'íospartaigh a bheith in ann an fhaisnéis faoina gcearta agus tacaíocht mhothúchánach a fháil agus ba cheart iad a chur ar aghaidh chuig na póilíní nó chuig seirbhísí eile, lena n-áirítear línte cabhrach speisialaithe[...] eile – más gá. **Féadfaidh saorálaithe oilte na línte cabhrach a oibriú, ar saorálaithe iad atá in ann tacaíocht mhothúchánach a chur ar fáil ar féidir a thuiscint mar chur chuige ionbhách i leith íospartach ionas go mothóidh siad go nglactar leo, go bhfuil siad sábháilte agus go mbeidh siad in ann iad féin a chur in iúl gan bhac.** Ba cheart do na línte cabhrach sin íospartaigh a chur ar aghaidh chuig línte cabhrach speisialaithe[...] eile, dá dtagraítear i gCinneadh 2007/116/CE ón gCoimisiún⁸; an uimhir chomhchuibhithe a bhaineann leis an líne chabhrach do leanaí '116 111', do leanaí atá ar iarraidh '116 000' agus don fhoréigean inscnebhunaithe '116 116', cuir i gcás. **Ba cheart na línte cabhrach a bheith ar fáil i dteanga oifigiúil nó i dteangacha oifigiúla an Bhallstáit, mar a chinntear leis an dlí náisiúnta. Moltar do na Ballstáit, áfach, na seirbhísí sin a sholáthar freisin i dteanga amháin eile ar a laghad is mó a úsáidtear sa Bhallstát, teanga ar cheart do gach Ballstát í a chinneadh ar bhonn critéir oibiachtúla. Chun tairiscint na seirbhíse sin i dteanga bhreise a éascú, ba cheart do na Ballstáit breithniú a dhéanamh ar theicneolaíochtaí nua-aimseartha a úsáid, mar shampla na feidhmchláir aistriúcháin agus ateangaireachta, chomh maith le hateangaireacht teileafóin. Ba cheart do na línte cabhrach feidhmiú faoi na rialacha ginearálta maidir le seirbhísí tacaíochta d'íospartaigh agus ba cheart iad a bheith faoi rún, saor in aisce, ar mhaithe le híospartaigh.**

⁸ Cinneadh 2007/116/CE ón gCoimisiún an 15 Feabhra 2007 maidir leis an tsraith uimhrithe náisiúnta dar tús '116' a choimeád d'uimhreacha comhchuibhithe do sheirbhísí comhchuibhithe a bhfuil luach sóisialta ag gabháil leo (IO L 49, 17.2.2007, lch. 30).

- (5) Níor cheart go ndéanadh an líne chabhrach ghinearálta d'íospartaigh difear d'oibriú na línte cabhrach tiomnaithe speisialaithe, línte cabhrach do leanaí agus línte cabhrach d'íospartaigh an fhoréigin in aghaidh na mban agus an fhoréigin teaghlaigh, cuir i gcás, mar a cheanglaítear faoi Threoir (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁹ [maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac]. Ba cheart go bhfeidhmeodh línte cabhrach ginearálta d'íospartaigh sa bhreis ar na línte cabhrach speisialaithe.

⁹ Treoir (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac (IO ...).

- (6) Ba cheart feabhas a chur ar thuairisciú coireachta san Aontas chun an tsaoirse ó phionós a chomhrac, chun [...] athíospairt a sheachaint agus chun sochaithe níos sábháilte a áirithiú. Is gá neamhíogaireacht phoiblí i leith na coireachta a chomhrac, trí [...] chún**amh** a thabhairt d'íospartaigh agus trí thimpeallachtaí níos sábháilte a chruthú d'íospartaigh chun coireacht a thuairisciú. [...] **Tá sé tábhachtach go n-áiritheoidh na Ballstáit nach ndíspreagfar íospartaigh ar náisiúnaigh tríú tír iad, gan beann ar a stádas cónaithe, ó thuairisciú a dhéanamh agus go gcaithfear leo ar bhealach neamh-idirdhealaitheach maidir lena stádas cónaithe i gcomhréir le cuspóirí na Treorach seo. Chun gach íospartach a chosaint ar athíospairt agus ar íospairt thánaisteach, tá sé tábhachtach cur chuige atá dírithe ar íospartaigh a chur i bhfeidhm. Go háirithe, ba cheart a áirithiú nach gcuirfidh forfheidhmiú an nós imeachta um fhilleadh faoi Threoir 2008/115/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁰ cosc ar íospartaigh a gceart chun éisteacht a fháil a fheidhmiú faoin Treoir seo. Féadfaidh na Ballstáit, i gcomhréir le Treoir 2008/115/CE, cinneadh a dhéanamh cead cónaithe uathrialach nó údarú eile a dheonú lena dtairgtear ceart fanachta ar chúiseanna atruacha daonnúla nó eile do náisiúnach tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach ar a gcríoch agus ní mór dóibh an oibleagáid faoin Treoir sin a chomhlíonadh maidir le riachtanais speisialta daoine leochaileacha a chur san áireamh a mhéid is féidir le linn na tréimhse le haghaidh imeacht deonach, i gcás inar deonaíodh an tréimhse sin de bhun na Treorach sin.**

¹⁰ Treoir 2008/115/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le caighdeáin choiteanna agus nósanna imeachta coiteanna sna Ballstáit i ndáil le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhilleadh (*IO L 348, 24.12.2008, lch. 98*).

Ba cheart do gach íospartach leochaileach, íospartaigh ar leanaí iad nó íospartaigh atá faoi choinneáil, cuir i gcás, a bhfuil imeaglú á dhéanamh orthu, nó atá spleách ar bhealach eile ar an gciontóir nó a bhfuil a soghluaisteacht teoranta ar bhealach eile, a bheith in ann coir a thuairisciú i ndálaí ina gcuirtear san áireamh a gcás áirithe agus i gcomhréir le **haon** phrótacail[...] **nó treoirlíne ábhartha** a chuirtear ar bun go sonrach chun na críche sin. **Tá sé tábhachtach go molfaidh na Ballstáit d'aon duine a bhfuil a fhios aige nó aici, de mheon macánta, go ndearnadh cionta coiriúla, nó go mbeifí ag súil le tuilleadh gníomhartha foréigin, chun é sin a thuairisciú do na húdaráis inniúla.**

- (6a) Maidir leis na híospartaigh a bhfuil gá speisialta acu le tacaíocht shíceolaíoch bhreise a léiríodh le measúnú aonair, ba cheart do na Ballstáit tarchur na n-íospartach sin chuig na seirbhísí atá in ann tacaíocht shíceolaíoch bhreise mar sin a chur ar fáil a éascú, agus infhaighteacht acmhainní agus na seirbhísí sin á gcur san áireamh.

- (7) Ba cheart seirbhísí tacaíochta spriocdhírithe agus comhtháite a bheith ar fáil do raon leathan íospartach a bhfuil riachtanais shonracha acu. Féadfar a áireamh ar na híospartaigh sin ní hamháin íospartaigh an fhoréigin ghnéasaigh, an fhoréigin inscnebhunaithe agus an fhoréigin teaghlaigh, ach freisin íospartaigh na gáinneála ar dhaoine, íospartaigh coireanna eagraithe, íospartaigh faoi mhíchumas, íospartaigh an dúshaothraithe, íospartaigh na fuathchoireachta, íospartaigh na sceimhlitheoireachta nó íospartaigh **na gcoireanna a thagann faoi dhlínse na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta** [...]. Mar fhreagairt ar na heasnaimh a sainaithníodh sa mheastóireacht, **féadfaidh** [...] na Ballstáit prótacail nó treoirlínte sonracha a bhunú lena n-eagrófar gníomhaíochtaí seirbhísí tacaíochta speisialaithe chun aghaidh a thabhairt **go cuí** [...] ar riachtanais iolracha na n-íospartach a bhfuil riachtanais shonracha acu. Ba cheart prótacail **nó treoirlínte** mar sin a bhunú i gcomhar le **geallsealbhóirí ábhartha, mar shampla údaráis lárnacha i gcomhréir le struchtúr inmheánach nó roinnt na n-inniúlachtaí sna Ballstáit**, údaráis forfheidhmithe dlí, údaráis ionchúisimh, **na húdaráis bhreithiúnacha** [...], údaráis choinneála, **i gcomhairle le** seirbhísí ceartais aisiríoch agus seirbhísí tacaíochta d'íospartaigh.

- (8) Chun iarmhairtí tromchúiseacha na híospartha ag aois óg a sheachaint, ar iarmhairtí iad a d'fhéadfadh tionchar diúltach a imirt ar shaol **iomlán** [...] íospartach, tá sé ríthábhachtach a áirithiú go bhfaighidh ná híospartaigh uile ar leanaí iad an caighdeán is airde tacaíochta agus cosanta. **Ba cheart do gach údarás inniúil cur chuige atá oiriúnach do leanaí a ghlacadh. Thairis sin, tá sé tábhachtach go dtairbheoidh** [...] na híospartaigh is leochailí ar leanaí iad, **i gcomhréir lena riachtanais aonair agus go háirithe** [...] íospartaigh mí-úsáide gnéasaí ar leanaí iad, [...] go dtairbheoidh siad de na seirbhísí tacaíochta agus cosanta spriocdhírithe agus comhtháite lena n-áirítear cur chuige comhordaithe agus comhoibritheach na n-údarás breithiúnach agus na seirbhísí sóisialta [...]. **Moltar do na Ballstáit, i gcás inar féidir, foráil a dhéanamh do na seirbhísí sin san áitreabh céanna.** [...] Chun a áirithiú go ndéanfar íospartach ar leanbh é a chosaint go héifeachtach i gcásanna ina mbaineann coir le sealbhóir na freagrachta tuismitheora, nó ina bhfuil [...] **ar bhealach lena n-áirítear** coinbhleacht leasa idir **an t-íospartach** ar leanbh é agus sealbhóir na freagrachta tuismitheora, cuireadh foráil isteach chun a áirithiú, [...] **i gcásanna d'aon ghníomh lena gceanglaítear toiliú i seoladh imeachtaí coiriúla**, mar shampla coir a thuairisciú, agallaimh leighis nó fhóiréinseacha, tarchur chun seirbhísí tacaíochta nó tacaíocht shíceolaíoch, i measc nithe eile [...] **mar a chinntear leis an dlí náisiúnta**, nár cheart na gníomhartha sin a bheith coinníollach ar thoiliú shealbhóir na freagrachta tuismitheora, agus leas an linbh á chur san áireamh i gcónaí.

(8a) D'fhéadfadh sé a bheith deacair agus dúshlánach do na híospartaigh páirt a ghlacadh i dtrial. Ar an gcúis sin, ba cheart an fhaisnéis iomchuí maidir le gnéithe eagraíochtúla de chéim na trialach in imeachtaí cúirte coiriúla, chomh maith le tacaíocht mhothúchánach, a chur ar fáil do gach íospartach a dteastaíonn faisnéis agus tacaíocht mhothúchánach uathu in áitreabh cúirte ina reáchtáiltear imeachtaí coiriúla, agus béim ar leith á leagan ar choireanna tromchúiseacha. Is féidir tacaíocht mhothúchánach a thuiscint mar chur chuige ionbhách i leith an íospartaigh chun go mbraitheann siad go nglactar leo, go bhfuil siad sábháilte agus go bhfuil siad in ann iad féin a chur in iúl go héasca. Is féidir le foireann na cúirte, saorálaithe oilte, nó údaráis inniúla mar atá sainithe ag na Ballstáit tacaíocht mhothúchánach a thairiscint, mar shampla. Ní éilítear leis an gcúnamh sin go gcuirfear saoráidí breise ar fáil ná go mbeidh seirbhísí tacaíochta d'íospartaigh i láthair go buan sna háitribh chúirte sin.

- (9) [...] Ba cheart an ceart a bheith ag gach íospartach san Aontas, [...] **i gcomhréir lena** stádas san imeacht coiriúil, **faisnéis a fháil faoi** [...] chinntí a rinneadh le linn imeachtaí cúirte [...] **maidir le** bearta cosanta speisialta atá ar fáil d'íospartaigh a bhfuil riachtanais chosanta speisialta acu. **Is féidir leis an dlí náisiúnta an deis a thabhairt d'íospartaigh athbhreithniú a iarraidh ar na cinntí sin a dhéantar le linn imeachtaí cúirte.** Ba cheart na rialacha nós imeachta faoina bhféadfaidh íospartaigh athbhreithniú a iarraidh ar chinntí mar sin a dhéantar le linn imeachtaí cúirte a chinneadh leis an dlí náisiúnta. [...]

(9a) Is féidir le sonraí pearsanta an íospartaigh a chosaint a bheith ina mhodh tábhachtach chun íospairt thánaisteach agus athíospairt, imeaglú agus frithbheartaíocht a chosc. Is féidir leis an íospartach inní a d'fhéadfadh a bheith ann a chur in iúl maidir le riosca dóibh féin nó do thríú duine a bheith neamhchosanta ar bhagairtí nó ar fhoréigean i gcás ina nochtfaí sonraí teagmhála pearsanta áirithe don chiontóir, agus déanfaidh an t-údarás inniúil measúnú deiridh ar an mbonn sin. Má mheasann na húdaráis inniúla, mar a chinntear leis an dlí náisiúnta, *ex officio* nó arna iarraidh sin don íospartach go bhféadfadh riosca a bheith ann go mbeadh an t-íospartach nó tríú duine neamhchosanta ar bhagairtí nó ar fhoréigean, níor cheart sonraí teagmhála pearsanta áirithe a sholáthar don chiontóir mura ndéanfaidh nochtadh na faisnéise dochar do chearta na cosanta.

- (10) Ba cheart measúnú a dhéanamh ar gach íospartach ar bhealach tráthúil, leordhóthanach, éifeachtúil agus comhréireach, **i gcomhréir le nósanna imeachta náisiúnta**. Tá sé ríthábhachtach a áirithiú go bhfaighidh íospartaigh an tacaíocht agus an chosaint a fhreagraíonn dá riachtanais aonair. Ba cheart **go mairfeadh** an measúnú aonair ar riachtanais tacaíochta agus cosanta íospartach **chomh fada agus is gá, ag brath ar riachtanais aonair na n-íospartach**. Ciallaíonn sé gur chóir é a dhéanamh i gcéimeanna, **ní bheidh ach teagmháil ag roinnt íospartach le seirbhís póilíní, rachaidh íospartaigh eile trí chéimeanna breise den mheasúnú aonair. D'fhéadfadh athrú teacht ar riachtanais íospartach maidir le tacaíocht agus cosaint le linn na n-imeachtaí coiriúla**. [...] Ba cheart measúnú a dhéanamh ar gach íospartach **ag an gcéim is luaithe is féidir** mar shampla [...] an chéad teagmháil leis na húdaráis inniúla, **mar shampla údaráis forfheidhmithe dlí agus údaráis ionchúisimh**, chun a áirithiú go sainaithneofar na híospartaigh is leochailí ag céimeanna an-luath den imeacht. Ó na chéad chéimeanna eile, ba cheart **do na húdaráis inniúla nó d'aon institiúid, eagraíocht nó comhlacht eile, mar shampla** seirbhísí tacaíochta d'íospartaigh **agus, i gcás inar féidir**, síceolaithe, measúnú a dhéanamh ar íospartaigh a dteastaíonn an measúnú feabhsaithe sin uathu. [...] **Níor cheart an teagmháil le línte cabhrach a mheas mar an chéad teagmháil le húdaráis inniúla**. Ba cheart a chur san áireamh sa mheasúnú aonair freisin, **ar bhonn na faisnéise atá ar fáil**, staid dhéantóir na coire, a bhféadfadh stair foréigin a bheith aige, airm a bheith ina sheilbh aige nó mí-úsáid a bheith á baint as drugaí agus, dá bhrí sin, a bhfuil rioscaí níos airde ag baint leis d'íospartaigh. Ba cheart go n-áireofaí freisin sa mheasúnú aonair ar riachtanais íospartach measúnú ar riachtanais tacaíochta íospartach, agus ní hamháin measúnú ar riachtanais chosanta. Tá sé bunriachtanach íospartaigh a bhfuil tacaíocht speisialta de dhíth orthu a shainaithint, ionas go gcuirfear tacaíocht spriocdhírithe mar shampla cúnamh síceolaíoch [...] ar fáil dóibh siúd a bhfuil an tacaíocht sin de dhíth orthu. **Féadfaidh na Ballstáit eagrú praiticiúil an mheasúnaithe aonair a chinneadh trí aon phrótacal nó treoirlíne ábhartha dá bhforáiltear sa Treoir seo. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéileálfar le haon sonraí pearsanta i gcomhréir le dlí an Aontais maidir le cosaint sonraí, lena bhféadfaí a cheangal go soláthrófaí bearta reachtacha más gá.**

(11) Mar thoradh ar an measúnú feabhsaithe ar riachtanais chosanta íospartach, ba cheart íospartaigh a bhfuil cosaint fhisiciúil de dhíth orthu a bheith in ann an chosaint sin a fháil i bhfoirm atá oiriúnaithe dá gcás áirithe. **D'fhéadfaí** a áireamh ar na bearta sin [...], **i gcomhréir leis an dlí náisiúnta**, na húdaráis forfheidhmithe dlí **nó comhlachtaí eile a sholáthraíonn cosaint fhisiciúil** a bheith i láthair, nó an ciontóir **a choinneáil [...]** **glan ón íospartach** ar bhonn ordaithe cosanta náisiúnta. D'fhéadfadh na bearta sin a bheith de chineál coiriúil, riaracháin nó sibhialta.

(12) [...] ¹¹ [...]

¹¹ [...]

- (13) Ní féidir le híospartaigh tairbhe éifeachtach a bhaint as a gcearta chun faisnéise, chun tacaíochta agus chun cosanta i gcomhréir lena riachtanais aonair má bhíonn orthu aghaidh a thabhairt ar na scéimeanna ceartais náisiúnta ina bhfuil easpa comhair agus comhordaithe idir na daoine a mbíonn teagmháil acu le híospartaigh. Gan dlúthchomhar agus dlúthchomhordú idir **na geallsealbhóirí ábhartha mar shampla na húdaráis lárnacha i gcomhréir le struchtúr inmheánach nó roinn na n-inniúlachtaí sna Ballstáit**, [...] údaráis forfheidhmithe dlí, **údaráis** ionchúisimh, [...] **údaráis bhreithiúnacha, údaráis choinneála, i gcomhairle le seirbhísí ceartais** aisiríoch, [...] agus seirbhísí tacaíochta d'íospartaigh, is deacair d'íospartaigh [...] a gcearta **a fheidhmiú** go héifeachtach faoin Treoir seo [...]. Moltar d'údaráis eile, cúram sláinte, oideachas agus seirbhísí sóisialta, cuir i gcás, a bheith páirteach sa chomhar agus sa chomhordú sin. Tá an méid sin bailí go háirithe maidir le híospartaigh ar leanaí iad.

- (14) [...] Tá prótacail [...] **nó treoirlínte** ríthábhachtach chun a áirithiú, **mar shampla**, go bhfaighidh íospartaigh faisnéis faoina gcearta agus faoina gcás agus go ndéantar measúnú leordhóthanach ar íospartaigh ionas go mbeidh siad in ann an tacaíocht agus an chosaint a fhreagraíonn dá riachtanais aonair a fháil, ar riachtanais iad a athraíonn le himeacht ama. Ba cheart prótacail [...] **nó treoirlínte de chineál neamhcheangailteach** a bhunú trí bhearta reachtacha ar bhealach is fearr a oireann do dhlíchórais náisiúnta agus d'eagrú an cheartais sna Ballstáit. [...] **Féadfar, faoi na prótacail nó treoirlínte seo [...] na gníomhaíochtaí maidir le faisnéis a sholáthar d'íospartaigh a chumhdach, tuairisciú coireanna a éascú do na híospartaigh is leochailí, lena n-áirítear iad siúd atá faoi choinneáil, agus measúnú aonair ar riachtanais íospartach. Maidir le faisnéis a sholáthar d'íospartaigh, is féidir a áirithiú leis na prótacail go mbeidh an fhaisnéis sin simplí agus éasca le tuiscint, go soláthrófar í ar bhealach tráthúil, in iliomad formáidí lena n-áirítear ó bhéal, i scríbhinn agus go digiteach. Maidir le híospartaigh atá faoi choinneáil, is féidir leis na prótacail rochtain na n-íospartach ar fhaisnéis faoina gcearta, modhanna tuairiscithe coireachta agus rochtain ar thacaíocht agus ar chosaint a shonrú i gcomhréir lena riachtanais. [...] Leis na prótacail **nó na treoirlínte [...]**, is féidir foráil a dhéanamh maidir le teoracha ginearálta faoin gcaoi is ceart caitheamh le seirbhísí agus gníomhaíochtaí faoin Treoir seo [...] ar bhealach cuimsitheach gan déileáil le cásanna aonair, áfach. **Ós amhlaidh atá, is den tábhacht go ndéanfaidh na Ballstáit, i gcás inarb iomchuí, na bearta is gá chun go bhféadfar faisnéis a bhailiú agus a chomhroinnt, lena n-áirítear faisnéis ina bhfuil sonraí pearsanta íospartach a chomhroinnt idir na húdaráis inniúla agus seirbhísí tacaíochta d'íospartaigh chun rochtain ar fhaisnéis agus ar thacaíocht agus cosaint iomchuí d'íospartaigh aonair a áirithiú. Ba cheart bunú na bprótacal nó na dtreoirlínte a bheith gan dochar do na modhanna comhair agus comhordaithe atá ann cheana i measc na n-údarás inniúil agus na ndaoine eile a thagann i dteagmháil le híospartaigh sna Ballstáit.****

- (14a) Maidir le teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, d'fhéadfaí a áireamh, mar shampla, ríomhphoist, teachtaireachtaí idirlín, comhráite beo, físghealaonna agus tairseacha ar líne ina mbeadh rochtain ag na rannpháirtithe cláraithe ar fhaisnéis. Fágfar faoin mBallstát a chinneadh cé na modhanna cumarsáide is oiriúnaí i ndáil le forálacha éagsúla na Treorach seo. Féadfar an fhaisnéis ón gcéad teagmháil le húdarás inniúil a sholáthar go leictreonach i bhformáid chaighdeánach. Ba cheart na modhanna cumarsáide i bpearsa, lena n-áirítear na modhanna cumarsáide leis na húdaráis inniúla agus le seirbhísí tacaíochta, a bheith fós ar fáil d'íospartaigh, más mian leo sin. I gcás ina n-éilíonn córais náisiúnta na mBallstát modhanna sonracha ríomh-shainaitheantais agus ríomhshíniúcháin, ba cheart do na córais sin deiseanna rochtana cothroma a thabhairt d'íospartaigh atá ina gcónaí i mBallstáit eile i gcomhréir le Rialachán eIDAS.
- (15) Ba cheart do na Ballstáit acmhainní leordhóthanacha daonna agus airgeadais a leithdháileadh chun comhlíonadh éifeachtach na mbeart a leagtar amach sa Treoir seo [...] a áirithiú. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar línte cabhrach d'íospartaigh a bhunú, lena n-áirítear feidhmiú rianúil seirbhísí tacaíochta speisialaithe agus measúnú aonair ar riachtanais íospartach maidir le cosaint agus le tacaíocht, lena n-áirítear i gcás ina soláthraíonn eagraíochtaí neamhrialtasacha na seirbhísí sin.

- (16) Tá an tAontas agus na Ballstáit ina bpáirtithe i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas¹² agus tá siad faoi cheangal ag a oibleagáidí go feadh a n-inniúlachtaí faoi seach. Faoi Airteagal 13 den Choinbhinsiún sin, tá sé d'oibleagáid ar na Stáit is Páirtithe rochtain éifeachtach ar an gceartas a áirithiú do dhaoine atá faoi mhíchumas ar bhonn comhionann le daoine eile, agus dá bhrí sin, is gá inrochtaineacht a áirithiú agus cóiríocht réasúnach a chur ar fáil ionas go mbeidh a gcearta mar íospartaigh ag íospartaigh atá faoi mhíchumas ar bhonn comhionann le daoine eile. **Mar a shainmhínítear le hAirteagal 2 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas, ciallaíonn ‘cóiríocht réasúnach’ modhnú agus coigeartuithe is gá agus is iomchuí nach bhforchuireann ualach díréireach ná míchuí, i gcás inar gá i gcás ar leith, chun a áirithiú do dhaoine faoi mhíchumas go bhfuil siad ag tairbhiú do chearta uile an duine agus do na saoirsí bunúsacha uile nó go bhfuil na cearta sin agus na saoirsí sin á bhfeidhmiú ar bhonn comhionann le daoine eile.** Leis na ceanglais inrochtaineachta a leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹³, is féidir cur chun feidhme an Choinbhinsiúin sin a éascú agus cearta na n-íospartach a leagtar síos leis an Treoir seo [...] inrochtana do dhaoine atá faoi mhíchumas a áirithiú.
- (17) Ba cheart do Eurojust a áirithiú go dtabharfar aird iomchuí ar iarrataí a bhaineann le cearta íospartach i gcomhréir lena shainordú faoi Rialachán (AE) 2018/1727 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁴.

¹² IO L 23, 27.1.2010, lch. 37.

¹³ Treoir (AE) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir leis na ceanglais inrochtaineachta le haghaidh táirgí agus seirbhísí (IO L 151, 7.6.2019, lch. 70).

¹⁴ **Rialachán (AE) 2018/1727 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust), agus a ghabhann ionad Chinnidh 2002/187/CGB ón gComhairle agus lena n-aisghairtear an Cinneadh sin (IO L 295, 21.11.2018, lch. 138).**

- (18) Tá bailiú sonraí cruinne agus comhleanúnacha agus foilsiú tráthúil sonraí agus staitisticí a bhailítear rithabhachtach chun eolas iomlán a áirithiú maidir le cearta íospartaigh na coireachta laistigh den Aontas. Ceanglas a thabhairt isteach do na Ballstáit sonraí i dtaca le cur i bhfeidhm nósanna imeachta náisiúnta maidir le híospartaigh na coireachta a bhailiú agus a thuairisciú don Choimisiún, **nuair a bhíonn siad ar fáil ar an leibhéal lárnach**, gach 3 bliana ar bhealach comhchuibhithe, meastar gur céim ábhartha a bheidh ansin chun a áirithiú go nglacfar beartais agus straitéisí a bhfuil bunús sonraí leo. Ba cheart don Ghníomhaireacht um Chearta Bunúsacha leanúint de chúnamh a thabhairt don Choimisiún Eorpach agus do na Ballstáit staidreamh maidir le híospartaigh na coireachta a bhailiú, a tháirgeadh agus a scaipeadh agus [...] **sonraí atá ar fáil ar an leibhéal lárnach a thuairisciú lena léirítear** [...] cén chaoi a bhfuair íospartaigh rochtain ar na cearta a leagtar amach sa Treoir seo.
- (19) Ceanglaítear le prionsabal éifeachtacht dhlí an Aontais go gcuirfidh na Ballstáit leigheasanna leordhóthanacha éifeachtacha i bhfeidhm i gcás sárú ar cheart a thugtar do dhaoine aonair le dlí an Aontais. **Ar bhonn Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh**, ba cheart leigheas éifeachtach a bheith ar fáil i gcás ina mbaintear an bonn de na cearta faoin Treoir seo [...] nó ina ndiúltaítear dóibh go hiomlán nó i bpáirt.
- (19a) **Mar Threoir chothrománach, ní dhéanann an Treoir seo difear d'fhorálacha níos forleithne atá i ngníomhartha eile de chuid an Aontais lena dtugtar aghaidh ar riachtanais shonracha catagóirí áirithe íospartach, mar shampla íospartaigh na gáinneála ar dhaoine, íospartaigh na mí-úsáide gnéasaí, agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí, lena n-áirítear ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí, íospartaigh an fhoréigin in aghaidh na mban agus an fhoréigin teaghlaigh agus íospartaigh na sceimhlitheoireachta, ar bhealach níos spriocdhírithe.**

- (20) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí na Treorach seo a ghnóthú go leordhóthanach mar gheall ar an ngá atá ann comhar breithiúnach in ábhair choiriúla a éascú trí mhuinín as rochtain chomhionann ar chearta íospartach a áirithiú, is cuma cén áit san Aontas a tharla an choir, ach gur féidir, de bharr fhairsinge agus éifeachtaí na mbeart atá beartaithe, iad a ghnóthú níos fearr ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.
- (21) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh na Treorach seo agus níl sí faoi cheangal aici ná faoi réir a cur i bhfeidhm.

- (22) [...]I gcomhréir le hAirteagal 3 agus le hAirteagal 4a(1) de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, tá fógra tugtha ag Éire [...]i litir dar dáta **an 27 Deireadh Fómhair 2023**[...],[...] gur mian léi a bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm na Treorach seo.[...]
[...]
- (23) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁵ agus thug sé tuairim uaidh an [XX XX 2023]¹⁶,
- (24) Dá bhrí sin, ba cheart Treoir 2012/29/AE a leasú dá réir sin,
TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

¹⁵ Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

¹⁶ [Oifig na bhFoilseachán: Fonóta ach a mbeidh sé ar fáil]

Airteagal 1

Leasaítear Treoir 2012/29/AE mar a leanas:

- (1) cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:

‘Airteagal 3a

Líne chabhrach d’íospartaigh

1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun línte cabhrach d’íospartaigh a bhunú atá inrochtana go héasca, soláimhsithe, saor in aisce agus rúnda:
 - (a) an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 4(1) a chur ar fáil d’íospartaigh;
 - (b) tacaíocht mhothúchánach a chur ar fáil;
 - (c) íospartaigh a chur ar aghaidh chuig seirbhísí tacaíochta speisialaithe [...] agus/nó línte cabhrach speisialaithe [...] más gá.
2. Áiríteoidh na Ballstáit soláthar na línte cabhrach dá dtagraítear i mír 1 trí líne chabhrach teileafóin [...] **ar féidir teacht uirthi trí uimhir chomhchuibhithe AE ‘116 006’, a fhéadfaidh oibriú sa bhreis ar aon uimhreacha náisiúnta atá ann cheana, agus féadfaidh siad na seirbhísí sin a sholáthar freisin** trí theicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide eile atá **slán agus inrochtana**, lena n-áirítear **feidhmchláir ar líne agus** suíomhanna gréasáin.
3. Déanfaidh na Ballstáit bearta iomchuí chun a áirithiú go mbeidh na seirbhísí dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 ar fáil i [...] **dteanga oifigiúil nó i dteangacha oifigiúla [...] na mBallstát de réir mar a chinntear leis an dlí náisiúnta. Féachfaidh na Ballstáit lena áirithiú go soláthrófar na seirbhísí sin i [...] dteanga amháin eile**, ar a laghad, [...] is mó a úsáidtear sa Bhallstát.
4. Féadfaidh eagraíochtaí poiblí nó eagraíochtaí neamhrialtasacha línte cabhrach a chur ar bun agus féadfar iad a eagrú ar bhonn gairmiúil nó deonach.’;

- (2) cuirtear an tAirteagal 5a seo a leanas isteach:

'Airteagal 5a

Coir a thuairisciú

1. Áiritheoidh na Ballstáit gur féidir le híospartaigh cionta coiriúla a thuairisciú do na húdaráis inniúla, **i gcás inarb iomchuí agus sa bhreis ar na modhanna tuairiscithe coireachta atá ann cheana**, trí theicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide atá inrochtana agus soláimhsithe. Áireofar leis an bhféidearthacht sin fianaise a chur isteach nuair is féidir. **Beidh féidearthachtaí den chineál sin gan dochar do rialacha náisiúnta nós imeachta maidir le tuairisciú ar líne a chur ar bhonn foirmiúil agus fianaise a thíolacadh.**

[...]

- 2.[...] Áiritheoidh na Ballstáit gur féidir le híospartaigh coireanna a dhéantar i saoráidí coinneála a thuairisciú go héifeachtach. Áireofar ar na saoráidí coinneála, sa bhreis ar phríosúin, ionaid choinneála agus cealla coinneála do dhaoine atá faoi dhrochamhras agus do dhaoine atá cúisithe, **agus** saoráidí speisialaithe coinneála d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta agus ionaid réamhaistrithe[...]. [...]

Tá feidhm ag an bhféidearthacht coireanna a thuairisciú go héifeachtach freisin maidir le hionaid chóiríochta ina bhfuil iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta agus tairbhíthe cosanta idirnáisiúnta lonnaithe.

- 3.[...] I gcás **ina ndéanann** leanaí **teagmháil leis na húdaráis inniúla** chun cionta coiriúla a thuairisciú, áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil na nósanna imeachta tuairiscithe sábháilte, **go ndéanfar iad** ar bhealach **rúnda i gcomhréir leis an dlí náisiúnta**, agus go mbeidh siad ceaptha agus inrochtana ar bhealach atá fabhrach do leanaí agus go n-úsáidfear teanga i gcomhréir lena n-aois agus lena n-aibíocht.

[...]

(3) Leasaítear Airteagal 8 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Áiritheoidh na Ballstáit go rachaidh na seirbhísí tacaíochta ábhartha ginearálta nó speisialaithe [...] i dteagmháil le híospartaigh má léirítear sa mheasúnú aonair dá dtagraítear in Airteagal 22 go bhfuil gá le tacaíocht agus go dtoilíonn an t-íospartach go rachaidh na seirbhísí tacaíochta i dteagmháil leis nó má iarrann an t-íospartach tacaíocht.’;

(b) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

‘6. **Beidh sé mar aidhm ag na Ballstáit** [...] a áirithiú go leanfaidh seirbhísí tacaíochta [...] d’íospartaigh de bheith oibríochtúil tráth géarchéime, cuir i gcás géarchéimeanna sláinte [...] nó staideanna éigeandála eile **d’fhonn aghaidh a thabhairt ar bhunriachtanais na n-íospartach, ar a laghad.**’;

(4) Leasaítear Airteagal 9 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

‘(c) tacaíocht mhothúchánach agus, i gcás ina bhfuil sí ar fáil, tacaíocht shíceolaíoch [...].

Más rud é gur léiríodh an gá speisialta le tacaíocht shíceolaíoch **bhreise** trí mheasúnú aonair dá dtagraítear in Airteagal 22, **éascóidh na Ballstáit atreorú íospartach chuig seirbhísí atá in ann tacaíocht shíceolaíoch bhreise a sholáthar [...], arna chinneadh leis an dlí náisiúnta, agus aon phrótacal nó treoirlíne ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 26a(1) á gcur san áireamh.**’;

(b) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

‘(b) tacaíocht spriocdhírthe agus chomhtháite, lena n-áirítear tacaíocht tráma agus comhairleoireacht tráma, d’íospartaigh a bhfuil riachtanais shonracha acu, cuir i gcás íospartaigh an fhoréigin ghnéasaigh, íospartaigh an fhoréigin inscnebhunaithe, lena n-áirítear foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chumhdaítear le Treoir (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁷ [*maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac*], íospartaigh na gáinneála ar dhaoine **a chumhdaítear faoi Threoir (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2011/36/AE maidir le gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac agus na híospartaigh atá thíos léi a chosaint**), íospartaigh coireanna eagraithe, íospartaigh atá faoi mhíchumas, íospartaigh an dúshaothraithe, íospartaigh na fuathchoireachta, íospartaigh na sceimhlitheoireachta, íospartaigh **na gcoireanna a thagann faoi dhlínse na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta [...].**’;

¹⁷ Treoir (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac (IO ...).’;

(c) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

‘4. Soláthróidh na Ballstáit na seirbhísí cosanta agus na seirbhísí tacaíochta speisialaithe is gá, **i gcomhréir leis na nósanna imeachta náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 22 mír 1**, chun aghaidh a thabhairt [...] go **leordhóthanach** ar riachtanais iolracha na n-íospartach a bhfuil riachtanais shonracha acu [...] **agus aon phrótacal[...] nó treoirlíne ábhartha**, dá dtagraítear in Airteagal 26a(1), pointe (c) **á gcur san áireamh.**’

(5) cuirtear isteach an tAirteagal 9a seo a leanas i gCaibidil II:

‘Airteagal 9a

Seirbhísí tacaíochta spriocdhírthe agus comhtháite do leanaí

1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh fáil ar sheirbhísí [...] **tacaíochta** spriocdhírthe comhtháite atá oiriúnach do leanaí chun foráil a dhéanamh maidir le tacaíocht agus cosaint atá oiriúnach ó thaobh aoise de atá riachtanach chun aghaidh a thabhairt go cuimsitheach ar an iliomad riachtanas atá ag íospartaigh ar leanaí iad.
2. Déanfaidh seirbhísí tacaíochta spriocdhírthe agus comhtháite d’íospartaigh ar leanaí iad, **i gcomhréir le mír 4**, foráil maidir le sásra ilghníomhaireachta comhordaithe lena n-áirítear na seirbhísí seo a leanas:
 - (a) malartú na faisnéise amhail **dá dtagraítear in Airteagal 4**;
 - (b) scrúdú leighis;
 - (c) tacaíocht mhothúchánach agus shíceolaíoch;
 - (d) an fhéidearthacht coireanna a thuairisciú;
 - (e) measúnú aonair ar riachtanais chosanta agus tacaíochta dá dtagraítear in Airteagal 22;
 - (f) fianaise a fhístaifeadh dá dtagraítear in Airteagal 24(1)(a).

3. **Féadfar cuid de na seirbhísí nó na seirbhísí uile dá dtagraítear i mír 2 [...] a sholáthar laistigh den áitreabh céanna.’;**
 4. **Soláthrófar na seirbhísí dá dtagraítear i mír 2 i gcomhréir le riachtanais aonair na n-íospartach. Tabharfar aird ar leith ar thromchúis na díobhála a dhéantar d’íospartaigh ar leanaí iad, go háirithe díobháil ó chionta gnéasacha.**
- (6) cuirtear isteach na hAirteagail 10a agus 10b seo a leanas:

‘Airteagal 10a

An ceart chun [...] **faisnéis agus tacaíocht mhothúchánach a fháil ag áitreabh na cúirte**
Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun [...] **a áirithiú go bhfaighidh íospartaigh faisnéis ghinearálta ag áitreabh na cúirte [...] maidir le gnéithe eagraíochtúla de chéim na trialach in imeachtaí cúirte coiriúla agus tacaíocht mhothúchánach [...]. Cuirfear an fhaisnéis agus an tacaíocht sin ar fáil más gá i gcomhréir le riachtanais aonair na n-íospartach.**

Airteagal 10b

An ceart chun [...] **faisnéise maidir le cinntí a dhéantar le linn imeachtaí cúirte**

1. **Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear íospartaigh, i gcomhréir lena stádas sna himeachtaí coiriúla, mar a shainmhínítear faoin dlí náisiúnta, ar an eolas gan mhoill faoi chinneadh [...] dá bhforáiltear in Airteagal 23(3), arna ghlacadh in imeachtaí cúirte [...]. Féadfaidh na Ballstáit an deis a thabhairt d’íospartaigh athbhreithniú ar chinntí a iarraidh de bhun Airteagal 23(3). [...]**

2. **I gcás ina bhféadfaidh na híospartaigh athbhreithniú ar chinneadh a iarraidh faoi Airteagal 23(3), [...] is leis an dlí náisiúnta a chinnfear na rialacha nós imeachta [...] le haghaidh an athbhreithnithe sin.**

[...] Cinntí faoi Airteagal 23(3) agus aon bhreithniú ar athbhreithniú ar chinneadh mar sin, ní chuirfidh siad fad míréasúnta leis na himeachtaí coiriúla.’;

[...]

(7[...]) Leasaítear Airteagal 17 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

‘(b) dul ar iontaoibh na bhforálacha, a mhéid is féidir, **i gcomhréir le dlí an Aontais agus an dlí náisiúnta**, maidir le físchomhdháil [...] chun rannpháirtíocht íospartach a bhfuil cónaí orthu thar lear in imeachtaí coiriúla a éascú, **i gcomhréir lena stádas faoi na rialacha nós imeachta is infheidhme.**’;

(b) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

‘4. **I gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1727¹⁸**, áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh na húdaráis inniúla cúnamh a iarraidh ar Eurojust agus an fhaisnéis atá dírithe ar chomhar a éascú le húdaráis inniúla na mBallstát eile i gcásanna trasteorann a tharchur chuig Eurojust.’;

(8[...]) in Airteagal 21, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘3. Déanfaidh na Ballstáit **na bearta is gá chun a áirithiú, má mheasann na húdaráis inniúla - ex officio nó bunaithe ar iarraidh ón íospartach - go bhféadfadh an t-íospartach nó tríú duine a bheith i mbaol a bheith nochtaithe do bhagairtí nó foréigean**, nach gcuirfear sonraí pearsanta a bhaineann le [...] háit chónaithe an íospartaigh nó [...] sonraí teagmhála **comhionanna eile** ar fáil don chiontóir [...] **ach amháin dá ndéanfaí dochar do cheart na cosanta mura gcuirfí ar fáil an fhaisnéis sin.**’;

¹⁸ **Rialachán (AE) 2018/1727 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust), agus a ghabhann ionad Chinnidh 2002/187/CGB ón gComhairle agus lena n-aisghairtear an Cinneadh sin, IO L 295, 21.11.2018, lch. 138.**

(9[...]) Leasaítear Airteagal 22 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

‘Measúnú aonair ar íospartaigh chun riachtanais shonracha tacaíochta agus chosanta a shainaithint’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfaighidh íospartaigh measúnú tráthúil agus aonair, **i gcomhréir leis na nósanna imeachta náisiúnta**, chun tacaíocht shonrach agus riachtanais chosanta a shainaithint agus chun a chinneadh an mbainfeadh siad tairbhe as bearta speisialta dá bhforáiltear faoi Airteagal 9(1), pointe (c), **i ndáil le tacaíocht shíceolaíoch bhreise, 9a** agus faoi Airteagail 23 agus 24, agus a mhéid a bhainfeadh siad tairbhe astu, mar gheall ar a leochaileacht shonrach i ndáil le híospairt thánaisteach agus athíospairt, imeaglú agus frithbheartaíocht.’;

(c) cuirtear an mhír 1a seo a leanas isteach:

‘1a. Déanfar an measúnú aonair a thionscnamh [...] **a luaithe is féidir mar shampla nuair** a rachaidh an t-íospartach i dteagmháil den chéad uair leis na húdaráis inniúla, agus mairfidh sé chomh fada agus is gá ag brath ar riachtanais shonracha gach íospartaigh. I gcás ina léiríonn toradh chéim thosaigh an mheasúnaithe aonair ó na chéad údaráis teagmhála gur gá leanúint den mheasúnú, déanfar an measúnú sin **i gcás inarb iomchuí** i [...] **gcomhordú** leis na hinstiitúidí agus na comhlachtaí ag brath ar chéim an nós imeachta agus ar riachtanais aonair íospartach i gcomhréir le **haon** [...] phrótacal **nó treoirlíne** [...] ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 26a.’;

- (d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 2 agus 3:
- ‘2. Cuirfear an méid seo a leanas san áireamh sa mheasúnú aonair:
- (a) saintréithe pearsanta an íospartaigh, lena n-áirítear taithí ábhartha ar idirdhealú, fiú nuair atá siad bunaithe ar mheascán de fhorais éagsúla mar shampla [...] inscne, aois, míchumas, reiligiún nó creideamh, teanga, bunadh ciníoch, sóisialta nó eitneach, gnéaschlaonadh;
 - (b) cineál na coire;
 - (c) imthosca na coire;
 - (d) an gaol leis an gciontóir agus [...] **an baol a bhaineann leis** an gciontóir.
3. I gcomhthéacs an mheasúnaithe aonair, tabharfar aird ar leith ar na nithe seo a leanas:
- (a) íospartaigh a ndearnadh díobháil mhór dóibh mar gheall ar dhéine na coire;
 - (b) íospartaigh a ndearnadh coir ina gcoinne, ar choir í a rinneadh le claontacht nó le cúis idirdhealaitheach a d’fhéadfadh, go háirithe, a bheith bainteach lena saintréithe pearsanta;
 - (c) íospartaigh atá fíorleochaileach mar gheall ar a gcaidreamh leis an gciontóir agus a spleáchas air.

I ndáil leis an méid sin, tabharfar aird chuí ar íospartaigh na sceimhlitheoireachta, na coireachta eagraithe, na gáinneála ar dhaoine, an fhoréigin inscnebhunaithe, lena n-áirítear foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh, foréigean gnéasach, teacht i dtír nó fuathchoireacht, íospartaigh **na gcoireanna a thagann faoi dhlínse na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta** [...] agus íospartaigh atá faoi mhíchumas. Tabharfar aird ar leith ar íospartaigh a thagann faoi níos mó ná ceann amháin de na catagóirí sin.’;

- (e) cuirtear an mhír 3a seo a leanas isteach:
- ‘3a. I gcomhthéacs an mheasúnaithe aonair, tabharfar aird ar leith ar an mbaol a bhaineann leis an gciontóir [...] **dá dtagraítear in 2 (d). D’fhéadfaí a áireamh ar an mbaol sin** [...] iompar foréigneach agus díobháil choirp, úsáid arm, rannpháirtíocht i ngrúpa coireachta eagraithe, mí-úsáid drugaí nó alcóil, mí-úsáid leanaí, saincheisteanna meabhairshláinte, iompar stalcaireachta, bagairtí nó fuathchaint.’;
- (f) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:
- ‘4. Chun críocha na Treorach seo, toimhdeofar go bhfuil riachtanais shonracha tacaíochta agus chosanta ag íospartaigh ar leanaí iad de bharr a leochaileachta i ndáil le híospart thánaisteach agus athíospart, imeaglú agus frithbheartaíocht. Chun a chinneadh an mbainfidh siad tairbhe as bearta speisialta dá bhforáiltear faoi Airteagail 23 agus 24 agus a mhéid a bhainfidís tairbhe astu, beidh íospartaigh ar leanaí iad faoi réir measúnú aonair dá bhforáiltear i mír 1 den Airteagal seo. Eagrófar an measúnú aonair ar íospartaigh ar leanaí iad faoi chuimsiú na seirbhísí tacaíochta spriocdhírthe agus comhtháite dá dtagraítear in Airteagal 9a’;
- (g) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:
- ‘6. Déanfar measúnuithe aonair le dlúth-rannpháirtíocht an íospartaigh agus cuirfear a mianta san áireamh, lena n-áirítear i gcás nach mian leo leas a bhaint as bearta speisialta dá bhforáiltear in Airteagail 8, 9, 9a, 23 agus 24.’;
- (h) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 7

‘7. [...] **Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar athbhreithniú ar an measúnú aonair [...] de réir riachtanais aonair an íospartaigh** chun a áirithiú go mbaineann na bearta tacaíochta agus cosanta le [...] **riachtanais aonair** athraitheacha an íospartaigh. Má tá athrú suntasach tagtha ar na heilimintí atá mar bhonn leis an measúnú aonair, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar é a nuashonrú le linn na n-imeachtaí coiriúla.’;

(10) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1 d’Airteagal 23:

‘1. Gan dochar do chearta na cosanta agus i gcomhréir le rialacha na discréide breithiúnaí, áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh íospartaigh a bhfuil riachtanais chosanta shonracha acu agus a thairbhíonn de bhearta speisialta arna sainaithint mar thoradh ar mheasúnú aonair dá bhforáiltear in Airteagal 22(1), tairbhe a bhaint as na bearta dá bhforáiltear i míreanna 2, 3 agus 4 den Airteagal seo. Ní chuirfear beart speisialta atá beartaithe tar éis an mheasúnaithe aonair ar fáil más rud é nach féidir é sin a dhéanamh mar gheall ar shrianta oibríochtúla nó praiticiúla, nó i gcás ina bhfuil géarghá leis an íospartach a chur faoi agallamh agus i gcás ina bhféadfadh mainneachtain é sin a dhéanamh díobhail a dhéanamh don íospartach nó do dhuine eile nó go bhféadfadh sé dochar a dhéanamh do chúrsa na n-imeachtaí.’

(11) in Airteagal 23, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2, pointe (d):

‘(d) is duine den ghnéas céanna leis an íospartach a chuirfidh na hagallaimh ar fad ar íospartaigh an fhoréigin ghnéasaigh, íospartaigh an fhoréigin inscnebhunaithe lena n-áirítear íospartaigh an fhoréigin in aghaidh na mban agus íospartaigh an fhoréigin teaghlaigh a chumhdaítear le Treoir (AE).../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁹ [maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac], más mian leis an íospartach sin, ach amháin i gcás inar ionchúisitheoir nó breitheamh a dhéanfaidh na hagallaimh, ar choinníoll nach ndéanfar dochar do na himeachtaí coiriúla.’;

¹⁹ Treoir (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac (OJ ...).’

(12) in Airteagal 23, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘4. Beidh bearta [...] chun cosaint fhisiciúil íospartach a áirithiú ar fáil d’íospartaigh a bhfuil riachtanais shonracha chosanta acu arna sainaithint i gcomhréir le hAirteagal 22(1) le linn imeachtaí coiriúla. **D’fhéadfaí na nithe seo a leanas a áireamh i measc na mbeart sin:**

- (a) údaráis forfheidhmithe dlí **nó comhlachtaí eile a thugann cosaint fhisiciúil i gcomhréir leis an dlí náisiúnta** a bheith i láthair ar bhonn leanúnach nó sealadach;
- (b) orduithe urchoisc, srianta nó cosanta chun cosaint a thabhairt d’íospartaigh ar aon ghníomh foréigin, **i gcomhréir leis an dlí náisiúnta** [...].’;

(13) in Airteagal 24, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘3. I gcás ina mbaineann an cion le sealbhóir na freagrachta tuismitheora [...] **ar bhealach ina áirítear** coinbhleacht leasa idir na híospartaigh ar leanaí iad agus sealbhóir na freagrachta tuismitheora, cuirfidh na Ballstáit leas an linbh san áireamh agus áiritheoidh siad, **de réir mar a chinntear leis an dlí náisiúnta**, nach mbeidh aon ghníomh lena n-éilítear toiliú ag brath ar thoiliú shealbhóir na freagrachta tuismitheora.’;

(14) cuirtear na airteagail a leanas isteach i gCaibidil 5:

Prótacail **nó treoirlínte** trí [...] chomhordú agus comhar **sna Ballstáit**

1. Déanfaidh na Ballstáit prótacail **nó treoirlínte** sonracha **neamhcheangailteacha** a bhunú agus a chur chun feidhme maidir le heagrú seirbhísí agus gníomhaíochtaí faoin Treoir seo ag na húdaráis inniúla agus ag daoine eile a mbíonn teagmháil acu le híospartaigh. Dréachtófar na prótacail **nó na treoirlínte** i gcomhordú agus i gcomhar idir **geallsealbhoirí ábhartha, mar shampla údaráis lárnacha i gcomhréir le struchtúr inmheánach nó roinnt na n-inniúlachtaí sna Ballstáit, údaráis forfheidhmithe dlí, údaráis ionchúisimh, [...] na húdaráis bhreithiúnacha, údaráis choinneála, i gcomhairle le seirbhísí ceartais aisiríoch agus seirbhísí tacaíochta d'íospartaigh d'fhonn freagairt ar riachtanais aonair na n-íospartach. Moltar do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar an méid seo a leanas, ar a laghad, trí n[...]a prótacail **nó na treoirlínte** sonracha [...]:**

- (a) go bhfaighidh íospartaigh faisnéis atá in oiriúint dá riachtanais aonair athraitheacha; [...]
- (b) maidir le híospartaigh atá i saoráidí coinneála nó in ionaid chóiríochta ina bhfuil iarrthóirí ar chosaint idirnáisiúnta agus tairbhíthe na cosanta idirnáisiúnta, dá dtagraítear i mír 3 d'Airteagal 5[...]

[...] go mbeidh siad in ann brath ar thuairisciú éascaithe coireanna;

[...]

(c) go gcuirfidh measúnú aonair ar riachtanais íospartach maidir le tacaíocht agus cosaint dá dtagraítear in Airteagal 22, agus soláthar seirbhísí tacaíochta d'íospartaigh a bhfuil riachtanais shonracha acu, riachtanais aonair na n-íospartach ag céimeanna éagsúla den nós imeachta coiriúil san áireamh.

(d) **go soláthrófar na seirbhísí cosanta agus na seirbhísí tacaíochta speisialaithe is gá chun aghaidh a thabhairt go leordhóthanach ar riachtanais iolracha na n-íospartach a bhfuil riachtanais shonracha acu dá dtagraítear in Airteagal 9(4).**

2. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar athbhreithniú ar na prótacail **nó na treoirlínte** dá dtagraítear i mír 1 [...] **i gcás inar gá** chun a n-éifeachtacht a áirithiú **mar shampla i gcás athruithe móra ar an dlí náisiúnta** [...].

[...]

Airteagal 26b

Úsáid [...] teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide

1. Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh íospartaigh na coireachta a gcearta dá bhforáiltear in Airteagal 3a, Airteagal 4(1), Airteagal 5(1), Airteagal 5a(1) **agus (4)**, Airteagal 6(1), (2), (4), (5) agus (6) [...] **chomh maith le hAirteagal 10b i ndáil le híospartaigh a chur ar an eolas faoi chinntí a dhéantar in imeachtaí coiriúla, trí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, [...] i gcás ina bhfuil siad ar fáil.**
2. Ní chuirfear cosc ar íospartaigh na coireachta rochtain a fháil, **i gcás ina bhfuil siad ar fáil, ar sheirbhísí a sholáthraíonn** na córais náisiúnta a thairgeann na **teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide** [...] dá dtagraítear i mír 1 nó úsáid a bhaint astu ar shlí eile ar an mbonn gur cónaitheoirí de chuid Ballstáit eile iad.

3. I gcás inar gá ríomh-shainaitheantas, ríomhshínithe agus ríomhshéalaí a úsáid i gcórais náisiúnta a thairgeann [...] **teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide**, ceadóidh na Ballstáit úsáid a bhaint as scéimeanna ríomh-shainaitheantais a dtugtar fógra ina leith, ríomhshínithe cáilithe, agus ríomhshéalaí cáilithe aon Bhallstáit eile mar a fhoráiltear i Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁰.

Airteagal 26c

Ceartha íospartach atá faoi mhíchumas

1. Áiríteoidh na Ballstáit go mbainfidh íospartaigh atá faoi mhíchumas tairbhe as **teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide** [...] dá dtagraítear in Airteagal 26b den Treoir seo, ar bhonn comhionann le daoine eile, trí na ceanglais inrochtaineachta a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chomhlíonadh²¹.
2. Áiríteoidh na Ballstáit gur féidir le híospartaigh atá faoi mhíchumas rochtain a fháil, ar bhonn comhionann le daoine eile, ar aon nós imeachta chomh maith leis na seirbhísí tacaíochta agus na bearta cosanta a chumhdaítear leis an Treoir seo i gcomhréir leis na ceanglais inrochtaineachta a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2019/882.

Áiríteoidh na Ballstáit go gcuirfear cóiríocht réasúnta ar fáil d'íospartaigh atá faoi mhíchumas arna iarraidh sin.

²⁰ Rialachán (AE) Uimh 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/93/CE (IO L 257, 28.8.2014, lch. 73).

²¹ Treoir (AE) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 i ndáil leis na ceanglais inrochtaineachta le haghaidh táirgí agus seirbhísí (IO L 151, 7.6.2019, lch. 70).

Airteagal 26d

[...]

'Airteagal 27a

[...]



[...]

(15[...]) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 28:

'Airteagal 28

Soláthar sonraí agus staidrimh

1. Glacfaidh gach Ballstát na bearta is gá chun córas a bhunú chun staidreamh maidir le híospartaigh na coireachta a bhailiú, a tháirgeadh agus a scaipeadh. Áireofar ar an staidreamh sonraí, **i gcás ina bhfuil siad ar fáil ar an leibhéal lárnach**, atá ábhartha do chur i bhfeidhm nósanna imeachta náisiúnta maidir le híospartaigh na coireachta, [...] **a d'fhéadfadh a áireamh** líon agus cineál na gcoireanna a tuairiscíodh agus líon, aois agus gnéas na n-íospartach [...]. Áireofar iontu freisin [...] **sonraí atá ar fáil ar an leibhéal lárnach a léiríonn** an chaoi a bhfuair na híospartaigh rochtain ar na cearta a leagtar amach sa Treoir seo. **Chun críocha an staidrimh dá dtagraítear san fhoráil seo, féadfaidh na Ballstáit sonraí a úsáid a bailíodh ar bhonn ionstraimí ábhartha an Aontais.**

2. **Déanfaidh** na Ballstáit **iarracht** an staidreamh dá dtagraítear san Airteagal seo ar bhonn comh-chomhiomlánaithe arna fhorbairt i gcomhar leis an gCoimisiún (Eurostat). Déanfaidh siad na sonraí sin a tharchur chuig an gCoimisiún (Eurostat) gach 3 bliana. Ní bheidh sonraí pearsanta iontu.
3. Tacóidh Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha leis na Ballstáit agus leis an gCoimisiún staidreamh **atá ar fáil** maidir le híospartaigh na coireachta a bhailiú, a tháirgeadh agus a scaipeadh agus tuairisciú a dhéanamh ar **staidreamh atá ar fáil a léiríonn** [...] an chaoi a bhfuair íospartaigh rochtain ar na cearta a leagtar amach sa Treoir seo.
4. Tacóidh an Coimisiún (Eurostat) leis na Ballstáit agus staidreamh á bhailiú mar a thagraítear dó i mír 1, lena n-áirítear trí chomhchaighdeán a bhunú. [...]
5. Cuirfidh na Ballstáit an staidreamh arna bhailiú ar fáil don phobal. Ní bheidh sonraí pearsanta sa staidreamh.’;

[...]

(16[...]) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 29:

'Airteagal 29

Tuairisciú ón gCoimisiún agus athbhreithniú

Cuirfidh an Coimisiún tuarascáil maidir le cur i bhfeidhm na Treorach seo faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle faoi [6 bliana tar éis ghlacadh na Treorach]. Déanfar measúnú sa tuarascáil ar a mhéid a ghlac na Ballstáit na bearta is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, lena n-áirítear an cur chun feidhme teicniúil.

Beidh togra reachtach ag gabháil leis an tuarascáil, más gá’;

Airteagal 2

Trasuí

1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh [faoi 2 bhliain tar éis di teacht i bhfeidhm] cé is moite de na forálacha is gá chun Airteagal 26b a chomhlíonadh, ar nithe iad a ghlacfar agus a fhoilseofar [faoi 4 bliana tar éis di teacht i bhfeidhm]. Cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoin méid sin láithreach.

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na bearta sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Leagfaidh na Ballstáit síos an bealach a ndéanfar tagairtí den sórt sin.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhbhearta an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo, i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

An tUachtarán